

Gnáthóga
na Gaeltachta

Portach Fliuch



An Ceannbhán
*Eriophorum
angustifolium*



An Falcaire
Corraigh
*Lysimachia
tenella*



Cailís Mhuire
Mhór
*Drosera
longifolia*



An Lus
Borraigh Beag
*Utricularia
minor*




Cailís Mhuire
*Drosera
intermedia*



An Drúchtín Móna
Drosera rotundifolia




An Bearnán
Lachan
*Menyanthes
trifoliata*



Sfagnam
Sphagnum



Coigeal
na mBan Sí
Typha latifolia



Sciollam
na Móna
*Narthecium
ossifragum*



An Ghobsheisc
*Rhynchospora
alba*

Is gnáthóg thábhachtach do raon leathan plandaí, éan agus ainmhithe é an portach. Tugtar bratphortach ar an talamh phortaigh atá fairsing ar chósta thiar na tíre a cruthaíodh idir 4000 agus 7000 bliain ó shin. Tugtar criathrach ar phortach nach bhfuil bainte.

In ainneoin gurb í an bháisteach an t-aon fhoinsé uisce atá ag bratphortach, tá aeráid níos fliche ag iarthar na tíre ná an chuid eile den oileán. Tá na coinniollacha fliucha, aigéadacha seo fabhrach do chineál ar leith caonaigh, ar a dtugtar **sfagnam**. Feidhmíonn an caonach seo ar nós spúinse, ag sú uisce báistí, agus scaoiltear leis an uisce seo go mall. Ritheann iliomad srutháin bheaga den uisce seo anuas ón sliabh portaigh go farraige. Is mar seo a léirítear tábhacht ról an phortaigh mar rialtán tuilte — is cuma cé mhéad báistí a thiteann ar thalamh phortaigh, bíonn an talamh in ann í a sheasamh.

Bíonn saibhreas bithéagsúlachta le fáil ar an bportach mar gur minic ar an iargúil é agus is ann atá plandaí agus ainmhithe nach bhfuil le fáil in aon áit eile. Faightear leithéidí **an bearnán lachan**, an **ceannbhán** agus **an lus borraigh beag** ag fás lena gcuid gas agus fréamhacha san uisce portaigh. Is minic a fheictear **drúchtíní** — plandaí feoiliteacha — ag fás i lár an sfagnaim. Taitníonn an timpeallacht thais le plandaí eile amhail **an ghobsheisc** agus **coigeal na mban sí**. Tá **fionnán** fairsing, agus is é an féar is coitianta ar an bportach é.

Ionad an Acadaimh • Carna
timpeallacht | teanga | traidisiún



OLLSCOIL NA
GAILLIAMHE
UNIVERSITY
OF GALWAY

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

